



Coimisiún
na Meán

Nóta Eolais maidir leis an gcinneadh stádas mar Chomharthóir Iontaofa a dheonú do Bhanc Ceannais na hÉireann de bhun Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Dáta foilsithe:
Bealtaine 2025



Clár Ábhar

Réamhrá	3
Príomheolas faoin Iarratasóir	3
Measúnú ar an Iarratas	4
Saineolas agus Inniúlacht	4
Neamhspleáchas	5
Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta	5



Réamhrá

Ar an 2 Aibreán 2025, bhronn Coimisiún na Meán stádas mar Chomharthóir iontaofa ar Bhanc Ceannais na hÉireann, de bhun Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA). Soláthraíonn an páipéar seo eolas ardleibhéil faoi phríomhghnéithe an iarratais agus an fhianaise a mheas an Coimisiún le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh.

Faoi Airteagal 22 den DSA, tá sé de chumhacht ag Comharthóirí iontaofa ábhar neamhdhleathach a shainaithint, a bhrath agus fógra a thabhairt ina leith d'ardáin ar líne. Ceanglaítear ar sholáthraithe ardán ar líne tabhairt faoi na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go dtugtar tús áite do na fógraí a chuireann comharthóirí iontaofa isteach, ag gníomhú dóibh laistigh dá réimse ainmnithe saineolais, go ndéantar iad a phróiseáil agus go ndéantar cinneadh ina leith gan moill mhíchuí.

De bhun Airteagal 22, tá sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán, mar Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha in Éirinn, stádas mar Chomharthóir iontaofa a bhronnadh ar eintitis a shásaíonn na coinníollacha a leanas:

- tá saineolas agus inniúlacht shonrach aige chun críocha inneachar neamhdhleathach a aimsiú, a shainaithint agus a chur in iúl;
- tá sé neamhspleách ar aon soláthraí ardán ar líne;
- tugann sé faoina ghníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach go díograiseach, go beacht agus go hoibiachtúil.

Is féidir teacht ar níos mó faisnéise maidir le ról an Chomharthóra iontaofa agus oibleagáidí ardán ar líne i ndáil le fógraí a eisíonn Comharthóirí iontaofa in [Airteagal 22 de DSA](#) agus sa [Doiciméad Ceisteanna Coitianta](#) a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Príomheolas faoin iarratasóir

Chuir Banc Ceannais na hÉireann (“CBI” nó “an tIarratasóir”) iarratas isteach le haghaidh stádas mar Chomharthóir iontaofa faoi Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) i mí na Samhna 2024. Comhlacht reachtúil is ea CBI a bunaíodh faoi reacht le freagracht as baincéireacht cheannais agus rialáil an chórais airgeadais in Éirinn. Is tréimhse trí bliana atá sa tréimhse chreidiúnaithe a d'iarr an tIarratasóir agus is iad camscéimeanna agus calaois airgeadais a réimse saineolais sonraithe, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais a sholáthar agus/nó a thairiscint gan údarú.

Is é CBI, arna bhunú le hAcht an Bhainc Cheannais, 1942, an t-údarás inniúil náisiúnta atá freagrach as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras airgeadais in Éirinn. Comhlacht poiblí neamhspleách is ea CBI a mhaoinítear le táillí agus tobhaigh agus ní bhraitheann sé ar mhaoiniú ón Státchiste. Ceaptar Gobharnóir agus Bord Stiúrthóirí CBI ar feadh téarmaí seasta, ag cinntiú go ndéantar cinntí go neamhspleách, gan tionchar seachtrach.

Feidhmíonn CBI laistigh de struchtúr dlíthiúil chun freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chothú, fad is a chinntítear go bhfeidhmíonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas tomhaltóirí agus an geilleagar i gcoitinne. Ar cheann de phríomhchuspóirí CBI tá a chinntiú go ndéantar soláthraithe seirbhíse airgeadais in Éirinn a rialáil agus go gcosnaítear leas is fearr an phobail. Tá soláthraithe neamhúdaráithe seirbhísí airgeadais a chomhrac agus a chosc ar cheann de na bealaí a chomhlíonann CBI an cuspóir sin. Eintitis agus/nó daoine aonair iad soláthraithe neamhúdaráithe a sholáthraíonn nó a thairgeann táirgí nó seirbhísí airgeadais rialaithe gan an t-údarás riachtanach ó CBI.

Sainordáítear in Alt 5A(1)(f) d'Acht um Achóiriú an Bhainc Cheannais, 2010 CBI le feidhm “*arb éard í faireachán a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí na seirbhísí sin a mhéid is cuí leis an mBanc, d'fhonn leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí a chosaint*”. Téann CBI i ngleic le ‘heintitis



neamhúdaraíthe” chun tomhaltóirí a chosaint agus sláine an chórais airgeadais a chinntiú. Tagraíonn ‘eintitis neamhúdaraíthe’ do ghnólachtaí a oibríonn laistigh den earnáil seirbhísí airgeadais gan an t-údarú ná ceadúnas iomchuí ó Bhanc Ceannais na hÉireann.

Tá sé d’údarás ag CBI fógraí rabhaidh a fhoilsiú ag ainmniú an duine/na ndaoine nó na ngnólachtaí a bhfuil seirbhísí airgeadais á soláthar acu gan an t-údarú iomchuí nó atá á gcur féin i láthair mar sholáthraí seirbhíse airgeadais rialaithe i gcás nach bhfuil an t-údarú iomchuí acu chun sin a dhéanamh. Foilsíonn CBI freisin [liosta gnólachtaí neamhúdaraíthe](#) ar foilsíodh fógraí rabhaidh ina leith.

Oibríonn CBI freisin chun feasacht a ardú i measc tomhaltóirí agus gnólachtaí ar an tábhacht a bhaineann le déileáil le heintitis údaraíthe agus rialaithe amháin. Áirítear leis sin faisnéis a fhoilsiú maidir le conas seiceáil an bhfuil gnólacht údaraíthe i gceart, treoir maidir le camscéimeanna a sheachaint agus gníomhaíochtaí airgeadais neamhdhleathacha a thuairisciú, chomh maith le feachtais feasachta poiblí a réachtáil.

Lorg CBI stádas mar Chomharthóir Lontaofa d’fhonn eintitis a bhfuil seirbhísí airgeadais rialaithe á soláthar agus/nó á dtairiscint acu ar líne gan údarú a shuaitheadh agus a chomhrac a thuilleadh. Ceadáíonn stádas mar Chomharthóir Lontaofa do CBI cosaint níos fearr a thabhairt don phobal ar an mbaol calaoise agus camscéimeanna i seirbhísí airgeadais trí phróiseas athbhreithnithe mear a sholáthar nuair a tharraingítear aird ar ábhar neamhdhleathach le soláthraithe ardán ar líne. Dá réir sin, tacóidh sé sin lena ngníomhaíochtaí rialála airgeadais foriomlán ar mhaithe le leas an phobail agus cumasóidh sé iad a thuilleadh chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí airgeadais neamhúdaraíthe ag an bhfoinse.

Measúnú ar an iarratas

Rinneadh measúnú ar an iarratas a chuir Banc Ceannais na hÉireann isteach chun a chinneadh ar chomhlíon an tarratasóir na coinníollacha le go mbronnfaí stádas orthu mar Chomharthóir Lontaofa. Rinneadh an measúnú de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach i dTreoirleabhar an Choimisiúin agus bhí creat láidir measúnaithe inmheánaigh a forbraíodh chun tacú leis an athbhreithniú ar iarratais maidir le Comharthóir Lontaofa mar bhonn taca leis. Cuireann an Treoir comhlachtaí leasmhara ar an eolas faoi phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta an Choimisiúin chun a chinneadh an gcomhlíonann iarratasóir na coinníollacha chun stádas mar Chomharthóir Lontaofa a bhaint amach. I dteannta a chéile, tacaíonn an Treoir agus an creat measúnaithe le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach ag an gCoimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla maidir le hAirteagal 22. Tá an Treoir bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, ar chomhairliúchán, ar bhaillí sonraí agus ar thaighde neamhspleách. Is féidir teacht ar an Treoir [anseo](#).

Sna rannáin seo a leanas, tugtar breac-chuntas ardleibhéil ar phríomhghnéithe an iarratais agus ar an bhfianaise a mheasúnaigh an Coimisiún le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh stádas mar Chomharthóir Lontaofa a bhronnadh ar Bhanc Ceannais na hÉireann.

Saineolas agus inniúlacht

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go bhfuil anaineolas agus an cumas iomchuí ag an larratasóir chun críche ábhar mídhleathach a bhrath, a shainaithint agus a fhógairt.

Díríodh sa mheasúnú ar eispéireas reatha an larratasóra chun ábhar neamhdhleathach a bhrath agus a shainaithint ina réime saineolais luaite. Tá fianaise curtha isteach ag CBI chun cuntas teiste a léiriú ar os cionn deich mbliana de thaithí ag brath agus ag sainaithint ábhar neamhdhleathach amhrasta i seirbhísí airgeadais bunaithe ar phróiseáil gearán a fhaightear ón bpobal, ó pháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ó phiar-rialálaithe. Léiríodh é sin trí líon sásraí de chuid an Bhainc Ceannais féin a úsáid; thug CBI sonraí maidir leis an ardlíon Fógraí Rabhaidh, Treoracha, Tuarascálacha a eisíodh go dáta, agus



úsáid an tsásra fógra agus gníomhaíochta faoi Airteagal 16 de DSA. Tugtar le fios san fhianaise a tugadh go bhfuil dóthain eispéireas ag an bhfoireann a bhfuil sé de dhualgas orthu na cásanna sin a shainaithint agus a thuairisciú agus go bhfuil siad inniúil ó dhearcadh teicneolaíochta agus inniúlachta chun gníomhaíochtaí an Chomharthóra lontaofa a dhéanamh agus go bhfuil rochtain acu ar shonraí airgeadais, faireachán idirbhirt, agus líonraí tionscail iomchuí chun gníomhaíochtaí amhrasacha a shainaithint. Meastar go bhfuil na línte tuairiscithe laistigh den fhoireann iomchuí chun críche gníomhaíochtaí tuairiscithe a dhéanamh, le ceadú ag teastáil ó bhall foirne atá ag leibhéal iomchuí sinsearachta, le meascán oiriúnach de shaineolas teicniúil agus inniúlachtaí iompraíochta. Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh isteach, tá an Coimisiún sásta go bhfuil na leibhéil foirne laistigh den fhoireann Comharthóra lontaofa, na línte tuairiscithe agus na próisis earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin iomchuí chun críche gníomhaíochtaí mar Chomharthóir lontaofa a dhéanamh.

Neamhspleáchas

Leis an gcoinníoll seo, ceanglaítear go bhfuil an tarratasóir neamhspleách ina chinnteoireacht, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, ar sholáthraithe ardán ar líne.

Díríodh sa mheasúnú ar na gnéithe a leanas:

- cibé an bhfuil aon leasanna nó rannpháirtíocht le hardáin ar líne i ndáil le gach ball atá páirteach i ngníomhaíochta Comharthóra lontaofa, poist stiúrthóireachta, bearta i bhfeidhm chun neamhspleáchas ar ardáin ar líne a chinntiú,
- socruithe maoinithe atá i bhfeidhm agus cibé an bhfuil siad sin neamhspleách ar ardáin ar líne.

I ndáil le neamhspleáchas eagraíochtúil, bunaithe ar an iarratas agus ar an bhfaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil, meastar go bhfuil faisnéis leordhóthanach curtha ar fáil ag an tarratasóir, arna thacú ag Cód Eitice agus Coinbhleachtaí Leasa, chun a léiriú go ndéantar ábhar neamhdhleathach a shainaithint agus a thuairisciú gan aon tionchar míchuí ó thríú páirtithe, lena n-áirítear ardáin ar líne ach gan a bheith teoranta dóibh. Tá an Coimisiún sásta go bhfuil an chinnteoireacht i ndáil le gníomhaíochtaí an Chomharthóra lontaofa teoranta don fhoireann ábhartha, nach mbeidh nasctha le haon ghníomhaíochtaí eile i gcaitheamh na tréimhse dámhachtana.

I ndáil le neamhspleáchas airgeadais, chuir an tarratasóir fianaise iomchuí ar fáil lena léiriú go bhfuil sé neamhthuilleamaíoch agus nach mbraitheann sé ar mhaoiniú ón Státhiste ná ó ardáin ar líne. Tá Banc Ceannais na hÉireann freagrach as a bhuiséad féin, agus tá an neamhspleáchas aige a cheanglais airgeadais féin a chinneadh agus conas cistí a leithdháileadh dá gníomhaíochtaí. Tacaíonn a shamhail maoinithe agus a thiomantas don trédhearcacht freisin le neamhspleáchas airgeadais an tarratasóra. Foilsíonn Banc Ceannais na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil a chinntíonn trédhearcacht maidir lena shláinte airgeadais, i measc ceanteidil eile. Chuir an tarratasóir Tuarascáil Bhliantúil 2023 de chuid na heagraíochta ar fáil don Choimisiún, atá faoi réir scrúdú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cinntíonn an leibhéal cuntasachta sin go bhfanann an tarratasóir freagrach don phobal agus dá pháirtithe leasmhara cé go n-oibríonn sé go neamhspleách.

Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta

Is é a cheanglaítear sa choinníoll seo go dtugann an tarratasóir faoina ghníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach go díograiseach, go beacht agus go hoibiachtúil.

Díríodh sa mheasúnú ar mhodheolaíochtaí, acmhainní agus teicneolaíochtaí a thacaíonn le gníomhaíochtaí an Chomharthóra lontaofa a dhéanamh.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an tarratasóir ar fáil, meastar go bhfuil an nós imeachta imscrúdaithe láidir ó thaobh modheolaíochta de bharr a chur chuige struchtúrtha, ilchodach i leith faisnéis maidir le soláthraithe



airgeadais neamhúdairithe a shainaithint, a fhíorú agus a anailísiú. Sula ndeimhnítear go bhfuil ábhar neamhdhleathach, déantar measúnuithe agus athbhreithnithe iomchuí lena chinntiú go bhfuil cinntí bunaithe ar fhianaise agus iontaofa. Tá beartas gearán i bhfeidhm mar aon le deimhniú ón larratasóir maidir le toilteanas dul i ngleic le hardáin ar líne dá dtiocfadh aon torthaí dearfacha bréige aníos.

I dtéarmaí an phróisis ceadaithe agus géaraithe d'fhógraí Comharthóra Iontaofa, tá an Coimisiún sásta go bhfuil na bearta atá i bhfeidhm leordhóthanach agus go ndéanann siad foráil do phróiseas díograiseach agus oibiachtúil, le leibhéal sásúil formhaoirseachta agus cuntasachta.

